An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Rannóg Oideachais Múinteoirí,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

Department of Education and Skills
Teacher Education Section,
Cornamaddy,
Athlone,
Co Westmeath.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0003/2014**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Teastas Iarchéime in Oideachas Scoláirí le Neamhoird Speictrim Uathaigh orthu (NSUanna) le haghaidh múinteoirí ag obair le Scoláirí le NSUanna orthu i Scoileanna Speisialta, i Ranganna Speisialta nó mar Mhúinteoirí Acmhainne i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna sa phríomhshruth – 2014/2015

## 1. An Clár 2014-2015

Sa scoilbhliain **2014-2015** déanfar Teastas Iarchéime in Oideachas Scoláirí le Neamhord Speictrim Uathaigh orthu a thairiscint i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Beidh an Clár ar siúl ó Mheán Fómhair 2014 go dtí go luath i mí an Mheithimh 2015.

Tá foirm iarratais in éineacht leis an Imliitir seo le comhlánú ag múinteoirí a bhfuil spéis acu ann agus atá i dteideal páirt a ghlacadh sa chlár. Ba chóir na foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig **Stiúrthóir an Chúrsa, An Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9** agus le bheith faighte tráth nach déanaí ná **28 Feabhra, 2014.**

Tá ocht n-áit déag ar fáil i mbliain an Chláir 2014/2015.

## 2. Maoiniú

Tá maoiniú an chláir á sholáthar ag Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## 3. Aidhm agus Ábhar

Beidh sé mar aidhm ag an gclár oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil ar scála an-leathan a sholáthar do mhúinteoirí ag obair le scoláirí a bhfuil neamhoird speictrim uathaigh orthu agu, ar an gcaoi sin, cur le cumas na scoile ar an iomlán sa réimse seo. Beidh cáilíocht Teastais Iarchéime á bhronnadh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Déanfar measúnú ar rannpháirtithe bunaithe ar thinreamh iomlán ar láthair an chláir agus ar rannpháirtíocht iomlán in eilimintí cianfhoghlama an chúrsa, ar chríochnú na dtascanna roghnaithe agus na dtionscnamh scríofa agus ar mhaoirseacht ar a gcuid oibre ar scoil. Beidh sonraí breise ar fáil d'iarrthóirí ó Rannóg Oideachais Speisialta Choláiste Phádraig.

## 4. Fad agus Eagraíocht

Clár bliana amháin, páirtaimseartha atá ann, a ritheann ó Mheán Fómhair 2014 go Meitheamh 2015, ina bhfuil 3 mhodúl. Cuirtear an cúrsa ar fáil trí mhodhanna cianfhoghlama, trí fhoghlaim ar an láthair ag Coláiste Phádraig agus tugtar aird ar rannpháirtíocht phraiticiúil na múinteoirí le scoláirí i scoileanna. Tá an clár bunaithe ar rannpháirtithe á scaoileadh óna scoileanna ar feadh trí seachtaine den bhliain acadúil.

Beidh teagasc duine-le-duine, ranganna teagaisc agus cuairteanna chuig suíomhanna oideachais eile chun breathnú ar shamplaí de chleachtas eiseamláireach ar an gclár. Áireoidh gné cianfhoghlama an chúrsa rannpháirtíocht sioncronach agus aisioncronach ar líne (ábhair cúrsa, léachtaí ar líne agus fóraim plé).

## 5. Cáilitheacht

**Tabhair faoi deara nach mór do gach múinteoir a bheith cláraithe de réir Alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Féach ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta** www.teachingcouncil.ie **le haghaidh tuilleadh eolais.**

Tá an clár seo ar fáil do mhúinteoirí cláraithe a bhfuil post reatha acu atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá ag obair faoi láthair le scoláirí a bhfuil neamhoird speictrim uathaigh orthu (NSUanna) nó a bheidh ag obair le scoláirí le NSUanna ar feadh thréimhse an Chláir i mBunscoileanna aitheanta, Scoileanna Speisialta agus Iar-bhunscoileanna aitheanta ina measc. **Tá an clár curtha le chéile go speisialta chun cuidiú le múinteoirí le riachtanais fhoghlama agus teagaisc na scoláirí le NSUanna a chomhlíonadh.** Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh ról teagaisc ó thaobh na scoláirí le NSUanna ag iarrthóirí ionchasacha.

### (a) Bunscoileanna:

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir Dheimhniú Clárúcháin[1] ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur isteach, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse "Earnáil/Earnálacha Oideachais" folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais.**

Ba chóir go mbeadh a dtréimhse phromhaidh curtha i gcrích go rathúil ag iarrthóirí ó Bhunscoileanna.

### (b) Iar-bhunscoileanna

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir Dheimhniú Clárúcháin (féach fonóta 1) ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur isteach, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse "Earnáil/Earnálacha Oideachais" folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an iarbhunoideachais.**

Ba chóir d'iarrthóirí ó Iar-Bhunscoileanna a bhFostaíocht Iarcháilíochta (*PQE*) a bheith críochnaithe go rathúil acu.

### (c) Scoileanna Speisialta

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir Dheimhniú Clárúcháin (féach fonóta 1) ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur isteach, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu. Má tá an réimse "Earnáil/Earnálacha Oideachais" folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile nó iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais nó an iarbhunoideachais nó le múineadh i suíomhanna scoile speisialta.**

Ní mór d'iarrthóirí ó Scoileanna Speisialta an tréimhse phromhaidh a bheith slánaithe go rathúil acu.

Agus na múinteoirí i mbun an clár seo a chur i gcrích agus ar feadh tréimhse ama réasúnta i ndiaidh an clár a chur i gcrích, moltar go ndéanann bainistíocht na scoile gach iarracht lena chinntiú go leanann scoláirí le NSUanna ag baint tairbhe as eolas agus saineolas an mhúinteora sa réimse seo, trí fhoghlaim agus teagasc na scoláirí le NSUanna a shannadh don mhúinteoir atá i gceist. D'fhéadfadh cleachtais chomhoibríocha, ar nós teagasc foirne, a bheith mar chuid de na socruithe sin.

---

[1]Tá an Litir Dheimhniú Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ón Áis Logála Isteach mar Mhúinteoir Cláraithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

D'fhonn a bheith rannpháirteach sa chlár, ní mór do mhúinteoirí rochtain ar ríomhaire agus ar an Idirlíon a bheith acu.

Ba chóir d'iarrthóirí a nótáil go bhfuil fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith curtha i gcrích riachtanach le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

**6. Iarratais agus Roghnú**

Tá Foirm Iarratais in éineacht leis an Imlitir seo le comhlánú ag na múinteoirí incháilithe a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh sa chlár.

De ghnáth, ní ghlacfar le hiarratais ach ó mhúinteoir amháin do gach scoil a shásaíonn na riachtanais imlínithe san Imlitir seo.

***Tábhachtach***
Ba chóir do mhúinteoirí incháilithe atá ainmnithe ag a gcuid údarás scoile ar mhian leo a bheith tógtha san áireamh le glacadh ar an g**Clár Teastais Iarchéime** a n-iarratas a chur isteach chuig **Stiúrthóir an Chúrsa, an Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9** le bheith faighte tráth nach déanaí ná an **28 Feabhra 2014. <u>Teileafón:</u> (01) 8842031. <u>Facs:</u> (01) 8842294.**
**Seoladh Ríomhphoist: SpEd.Dept@spd.dcu.ie**

**Ní gá** d'iarrthóirí ar an gclár seo freastal ar agallamh.

**7. <u>Táillí</u>**

Ní bheidh aon táille ná costais chlárúcháin i gceist d'iarrthóirí atá incháilithe faoi théarmaí na hImlitreach seo.

**8. <u>Taisteal agus Cothabháil</u>**

Beidh soláthar ann do thaisteal agus do chothabháil d'aon cheann d'eilimintí aghaidh-le-haghaidh an chláir de réir rátaí na Rannóige Oideachais Múinteoirí.

**9. <u>Saoire Phearsanta Bhreise</u>**

Ní cheadófar saoire phearsanta bhreise i leith rannpháirtíochta ar an gCúrsa seo.

**10. <u>Ionadú</u>**

Ceadófar ionadú, nach mór a bheith faofa ag údarás bainistíochta na scoile/BOO. Ní mór é a bheith measta go bhfuil gá leis an ionadú leis na tréimhsí neamhláithreachta ceadaithe a chlúdach don mhúinteoir ó chúraimí teagaisc d'fhonn freastal ar an gcúrsa. Ní mór don scoil an doiciméadú ón gcoláiste a leagann amach na mionsonraí neamhláithreachta a choimeád. **Ba chóir a nótáil nach gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna clúdach ionadaithe ar phá ar fáil nuair a ghlacann múinteoir saoire phearsanta le linn elimint bhlocscaoileadh an chláir.**

**11. <u>Socruithe Tuarastail</u>**

Leanfaidh na múinteoirí a scaoiltear óna scoil faoi théarmaí an Chláir seo ag fáil a dtuarastail mar is gnách.

**12. <u>Liúntais</u>**

Tabhair faoi deara le do thoil, agus an cúrsa seo curtha i gcrích, ní bheidh teidlíocht do luach saothair breise mar thoradh air ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

**13. Clár Máistreachta**

Féadfaidh go mbeidh múinteoirí a n-éiríonn leo an Teastas Iarchéime in Oideachas Scoláirí le Neamhoird Speictrim Uathaigh (NSUanna) orthu i dteideal iarratas a dhéanamh don Dioplóma i Riachtanais Speisialta Oideachais agus ansin dul ar aghaidh chuig Máistreacht i Riachtanais Speisialta Oideachais i gColáiste Phádraig. Tá tuilleadh eolais ar na bealaí féideartha ar fáil ar shuíomh gréasáin Choláiste Phádraig, www.spd.dcu.ie.

Eddie Ward
Príomhoifigeach

Eanáir 2014

# Teastas Iarchéime in Oideachas Scoláirí le Neamhoird Speictrim Uathaigh (NSUanna) orthu - 2014-2015

## ***Foirm Iarratais***

Comhlánaigh agus seol ar ais chuig: **Stiúrthóir an Chúrsa, An Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9 faoi 28 Feabhra 2014.**

**Teileafón: (01) 8842031; Facs: (01) 8842294.**
**Seoladh Ríomhphoist: SpEd.Dept@spd.dcu.ie**

**1. Sonraí Pearsanta**

Ainm: ______________________ Scoil: ______________________

Seoladh Baile: ______________________ Seoladh Scoile: ______________________

______________________ ______________________

______________________ ______________________

______________________ ______________________

Teil. Baile: ______________________ Uimh. Rolla na Scoile:______________________

Fón Póca:______________________ Teil. na Scoile: ____________ Facs: ____________

R-phost Pearsanta: ______________________ R-phost na scoile: ______________________

Uimh. Párolla an Mhúinteora: ______________________ Príomhoide: ______________________

Bliain Phromhaidh/*PQE* (scrios mar is cuí):______________________

**2. Sonraí Clárúcháin (mar atá ar Theastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó litir Dheimhnithe Clárúcháin)***

Uimhir Chláraithe an Mhúinteora ____________Earnáil/Earnálacha Oideachais ______________________

An bhfuil Grinnfhiosrúchán reatha an Gharda Síochána agat? Tá ☐ Níl ☐

*Caithfidh cóip den **Teastas Clárúcháin** nó **litir Dheimhnithe Clárúcháin** a bheith in éineacht na foirme seo.

3. **<u>Post Reatha Teagaisc</u>**

**3 (a)** Cuir tic (√) le do thoil ar cé acu a thugann an tuairisc is fearr maidir le do Stádas Fostaíochta reatha:

Conradh tréimhse éiginnte (*CID*) ☐

Conradh ar Théarma Seasta ☐

Buan ☐

Eile, sonraigh le do thoil: ____________________________________________

Má tá tú fostaithe go Páirtaimseartha, cé mhéad uair an chloig atá tú fostaithe? ____________________

**3 (b)** Cuir tic le do thoil ar cé acu a thugann an tuairisc is fearr maidir leis an bpost teagaisc a bheidh agat in 2014/2015:

***Bunscoil Phríomhshrutha***

- Múinteoir ranga atá ag múineadh líon suntasach scoláirí le NSUanna ☐
- Múinteoir Acmhainne do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair ☐
- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Teanga atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le NSUanna ☐
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, scoláirí le NSUanna ina measc. ☐
- Eile (Sonraigh, led' thoil) ____________________________________________
- Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? ____________

***Iar-bhunscoil Phríomhshrutha***

- Múinteoir ábhair, áit a bhfuil fáil ag líon suntasach scoláirí le NSUanna ar réimse an ábhair (sonraigh an t-ábhar) ______________________ ☐
  - Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? _________
- Múinteoir Acmhainne do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair. ☐
  - Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? _________
  - Cé mhéad uair an chloig ag múineadh scoláirí le NSU, gach seachtain, san iomlán? _________
- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Teanga, atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair. ☐
  - Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? _________
  - Cé mhéad uair an chloig ag múineadh scoláirí le NSU, gach seachtain, san iomlán? _________
- Múinteoir Páirtaimseartha i rang speisialta do scoláirí le NSUanna. ☐

- Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? _________
- Cé mhéad uair an chloig ag múineadh scoláirí le NSU, gach seachtain, san iomlán? _________

- Múinteoir lánaimseartha i rang speisialta do scoláirí le NSUanna. ☐
  - Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? _________
  - Cé mhéad uair an chloig ag múineadh scoláirí le NSU, gach seachtain, san iomlán? _________
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear scoláirí le NSUanna. ☐
- Eile (Sonraigh, led' thoil) ________________________________________ ☐

***Scoil Speisialta***

- Múinteoir ranga atá ag múineadh scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, scoláirí le NSUanna ina measc ☐
- Múinteoir ranga ag múineadh scoláirí le NSUanna ☐
- Múinteoir ábhair, áit a bhfuil fáil ag scoláirí le NSUanna ar réimse an ábhair ☐ (sonraigh an t-ábhar) __________________
- Príomhoide Scoile Speisialta áit a bhfuil ról teagaisc ag an bPríomhoide agus a bhfuil scoláirí le NSUanna aige/aici ina rang ☐
- Cé mhéad scoláire le NSU a mhúineann tú? _________
- Eile (Sonraigh le do thoil) __________________________________________ ☐

**3 (c)** Sonraigh le do thoil:

- Líon iomlán na mblianta atá tú ag teagasc ________________
- Líon na mblianta atá tú ag teagasc sa scoil ina bhfuil tú faoi láthair ________________
- Líon na mblianta atá tú ag teagasc scoláirí le NSUanna ________________
- Cathain a ceapadh tú le haghaidh do phoist reatha ________________
- Dáta bunaithe an phoist seo ________________

**3 (d)** Tabhair tuairisc ghairid ar na scoláirí lena bhfuil tú ag obair faoi láthair le do thoil, agus sonraigh na catagóirí riachtanais speisialta oideachais:

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**3 (e)** Cé mhéad uair an chloig in aghaidh na seachtaine don scoilbhliain 2014/2015, a bheidh ar an gclár ama do na réimsí oibre seo a leanas:

Rang Speisialta (cuir isteach sonrúchán an ranga speisialta freisin): ________________

Obair Cúlúcháin: __________ Teagasc Foirne: ________________

Comhairliú le Comhghleacaithe/Tuismitheoir/Daoine Eile (sonraigh le do thoil): _________

Eile (sonraigh le do thoil): ________________________

**Deimhnigh le do Phríomhoide, le do thoil, go bhfuil tú, nó go mbeidh tú ag obair le scoláirí le NSUanna, ar feadh thréimhse an Chláir.**

**Tá sé deimhnithe le mo Phríomhoide gur mar seo a bheidh sé:** **Tá:** ☐ **Níl:** ☐

**4. <u>Scoil Phríomhshrutha Amháin: Raon Seirbhísí Tacaíochta</u>**

**4 (a)** Seachas do phost féin, sonraigh raon na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil i do scoil faoi láthair le do thoil (luaigh an líon)

| | |
|---|---|
| Múinteoirí Tacaíochta Foghlama | |
| Múinteoirí Acmhainne do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais | |
| Múinteoirí Ranga Speisialta | |
| Eile (sonraigh le do thoil) | |

**4 (b)** Ar fhreastail tú roimhe seo ar chúrsa (cúrsa gearrthéarma/Iarchéime) a bhaineann le hoideachas speisialta?

D'fhreastail ☐ Níor fhreastail ☐

| Topaic | Dáta | Tréimhse ama | Ionad |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**5. Taithí Teagaisc Roimhe seo**

**5 (a)** Líon na mblianta ag teagasc i ranganna príomhshrutha: ______________________________

Ainm agus Seoladh na Scoile(anna): Dátaí:

______________________________ ______________

______________________________ ______________

______________________________ ______________

______________________________ ______________

**5 (b)** Sular thosaigh tú i do phost teagaisc reatha, sonraigh líon na mblianta i scoileanna speisialta/ranganna speisialta/teagasc acmhainne/tacaíochta foghlama, le do thoil: ____________________

Ainm agus Seoladh na Scoile(anna):
(Sonraigh an ról teagaisc le do thoil): Dátaí:

______________________________ ______________

______________________________ ______________

______________________________ ______________

______________________________ ______________

**5 (c)** Aon taithí eile chuí i suíomhanna oideachais:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**6. Cáilíochtaí gairmiúla nó cáilíochtaí eile**

| **Coláiste, Ollscoil nó Foras Cáiliúcháin eile** | **Dátaí freastail agus cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha** | **Céim nó Cáilíochtaí eile a fuarthas nó atá le bheith faighte** | **Grád/ Aicme (más ann)** | **Ábha(i)r** | **Dáta na Dámhachtana** |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | | | | | |

7. **Forbairt Ghairmiúil Roimhe seo** (m.sh. Ionduchtú, STOS, FGL eile)

| Ainm & Dátaí an Chúrsa Forbartha Gairmiúla | Tréimhse ama | Grád/ Aicme (Más ann) | Ábha(i)r | An Bhliain a Críochnaíodh an Cúrsa Forbartha Gairmiúla | An Foras Creidiúnúcháin |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

8. **Eolas Breise**

**8 (a)** An ndearna tú iarratas cheana don Teastas Iarchéime in Oideachas Scoláirí le NSU?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Má rinne tú iarratas, cén bhliain ina rinne tú an t-iarratas?

______________________________________________

**8 (b)** Luaigh an chúis / na cúiseanna atá agat le háit a lorg ar an gclár seo le do thoil

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 (c)** Luaigh aon eolas eile a mheastar a chuideodh agus measúnú á dhéanamh ar d'iarratas don Chlár seo

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8 (d)** Luaigh do scileanna TFC le do thoil:

Tosaitheoir ☐ Cumasach ☐ An-chumasach ☐

Aon eolas eile a bhaineann le do scileanna TFC:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**9. <u>Ainm, seoladh agus uimhreacha rolla na scoileanna uile ina bhfuil tú ag teagasc, mar is cuí</u>**

| **Ainm na Scoile** | **Seoladh na Scoile** | **Uimhir Rolla na Scoile** |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Le bheith Comhlánaithe ag an Iarrthóir**

**10.** Léigh mé Imlitir 0003/2014 agus toilím coinníollacha riachtanacha na rannpháirtíochta sa chlár a bhfuilim ag déanamh iarratais air a chomhlíonadh. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis uile ar an bhfoirm seo i gceart agus má éiríonn liom a bheith ceaptha ar an gclár, glacaim mar chúram orm féin cloí le rialacha agus rialacháin uile Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, agus coinníollacha riachtanacha an chláir a chomhlíonadh.

Tuigim go bhfuil gá le fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith curtha i gcrích le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

**SÍNITHE:** ______________________ **DÁTA:** ______________________

**11. Le Comhlánú ag Údaráis na Scoile**

Ainmním ______________________________________ chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus deimhním gur múinteoir cláraithe é/í an t-iarrthóir don chúrsa seo de réir alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

**Dearbhaím go bhfuil, nó go mbeidh, an múinteoir thuasluaite ag obair le scoláirí le NSUanna feadh an Chláir, go gceadóidh a (h)ualach oibre dó/dí tairbhe iomlán a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á tairiscint agus go mbeidh sé ag teacht leis na critéirí in Imlitir 0003/2014.**

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis san fhoirm iarratais seo i gceart, agus má fhaigheann an múinteoir atá ainmnithe thuas áit ar an Teastas Iarchéime seo in Oideachas Scoláirí le Neamhoird Speictrim Uathaigh (NSUanna) orthu 2014/2015, go mbeidh an Bord Bainistíochta comhaontaithe chun é/í a scaoileadh le freastal ar an gclár agus go gcomhlíonfar riachtanais an chúrsa mar atá leagtha amach in Imlitir 0003/2014.

**SÍNITHE:** ____________________________ **DÁTA**: _______________
(Príomhoide)

**COMHSHÍNITHE:** ____________________________________________________ **DÁTA**: ________________
(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhorid Bhainistíochta)

## Cuir ar ais an fhoirm chomhlánaithe in éineacht le cóip de do Theastas Clárúcháin nó Litir Dheimhnithe Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta chuig Stiúrthóir an Chúrsa, An Roinn Oideachais Speisialta, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Ciath 9. An dáta deiridh do na hiarratais ná 5 pm. ar <u>28 Feabhra 2014</u>

**<u>Go raibh maith agat as ucht do chomhoibrithe agus an fhoirm iarratais seo á comhlánú.</u>**

***Cosaint Sonraí***

***Pléifidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí pearsanta uile ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chlárú na Roinne leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (CCS) - Tag 10764/A***

***Pléifidh Coláiste Phádraig leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chlárú Choláiste Phádraig leis an CCS.***

***Má tá an fhaisnéis a chuir tú ar fáil le húsáid chun críche seachas iad siúd atá leagtha amach ar chlárú na Roinne nó an Choláiste (is infheidhme) leis an CCS lorgófar do chead.***